FOLÚNTAS

Oifigeach Pleanála Teanga

Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. (C.D.S Teo.) le plean teanga do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh a fheidhmiú.



GAEILGE
DHÚICHE SHEOIGHEACH
& THUAR MHIC ÉADAIGH

Critéir inmhianaithe d'iarrthóirí:

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar an bpleanáil teanga agus an fhorbairt pobail.
- Taithí ar thionscadal a bhainistiú agus imeachtaí a eagrú.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí mhaith ar bhainistiú airgeadais agus ar chúrsaí teicneolaíochta.
- Eolas ar shaol agus ar chultúr na Gaeltachta.
- Bheith in ann oibriú as a stuaim féin agus le comhghleacaithe i gceantair eile Gaeltachta.
- Chuirfeadh cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa phleanáil teanga nó ábhar eile leis an iarratas.

Sonraí an Phoist:

- Scála tuarastail idir €36,450 - €51,750 (ag brath ar thaithí agus cháilíochtaí).
- Scéim phinsin tharraingteach ag gabháil leis an bpost.
- Post lánaimseartha ar bhonn conartha atá i gceist.
- Beidh an té a cheapfar lonnaithe go príomha in oifigí C.D.S Teo., Corr na Móna (F12 PT02).

Má tá spéis agat tabhairt faoi obair thábhachtach, thairbheach, thaitneamhach na pleanála teanga i nDúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh seol CV agus litir chumhdaigh, mar aon le sonraí teagmhála beirt mholtóirí, chuig **eolas.cdst@gmail.com** roimh 4.00 **i.n. ar Dé hAoine 7ú Márta 2025.**

Is féidir Plean Teanga LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh a léamh, agus breis eolais a fháil faoin bpróiseas pleanála áitiúil, ag **www.gaeilgedstme.ie**

Údarás na Gaeltachta